Pobalscoil Chorca Dhuibhne
Ar Scáth a Chéile

Pobalscoil Chorca Dhuibhne
Ar Scáth a Chéile

1 Iúil 2020

A chara,

Beatha agus sláinte chugat.

Le déanaí, nuair a bhí do mhac/iníon ag bailiú a dteastas don tSraith Shóisearach ón scoil, líonadar foirm ag léiriú má bhí suim acu páirt a ghlacadh i gclár na hIdirbhliana an scoilbhliain seo chugainn. Mar scoil cuirfimid i gcónaí ana-luach ar an Idirbhliain. Tugann sé deis do dhaltaí scileanna nua a fhorbairt, dul in aibíocht mar dhaoine óga néamhspléacha agus blas a fháil ar na hábhair roghnacha ar fad don Ardteist. Tá éiginnteacht nádúrtha faoi theacht ar ais ar scoil i mí Mheán Fómhair ann i láthair na huaire ach beidh treoracha ag teacht. Is cuma conas a bheidh rudaí ag dul ar aghaidh leis an bpaindéim, beimid ag cinntiú go bhfuil an ghnáth-luach ceangailte le clár na hIdirbhliana. Beidh nuálaíocht agus solúbthacht lárnach inár gcur chuige. Mar is gnáth, cuirfimid curaclam leathan agus éagsúil ar fáil agus ag an am céanna cuirfimid ábhar breise acadúil isteach in ábhair éagsúla chun cabhrú le haon lúb ar lár a d'fhéadfadh a bheith ann de thoradh ar an gcianfhoghlaim a bhí ag tarlú ó mhí Mhárta ar aghaidh. Tacóidh sé seo leis an aistriú ón Timthriall Sóisearach go Sinsearach ach fós féin beifear dílis i gcónaí do na bunphrionsabail a bhaineann le clár na hIdirbhliana.

Idir an dá linn, tabhair aire agus bain taitneamh as an sos thar an samhradh. Beimid i dteagmháil leat arís i lár mhí Lúnasa faoi shocraithe maidir le hathoscailt na scoile.

*Recently when your son/daughter collected their Junior Cycle Certificate from school they filled in a form to outline their interest in partaking in the Transition Year Programme next year. As a a school we have always placed huge value on the Transition Year programme. It gives the students a unique opportunity to develop new skills, mature as independent young adults and crucially get a taste of all of the Leaving Certificate choice subjects. Currently there is a natural uncertainty around our return to school in September but guidance will be provided. Regardless of the prevailing conditions in relation to the pandemic we will be ensuring that the traditional genuine value is attached to the TY programme. Innovation and flexibility will be key. As always, we will provide a wide and varied curriculum, while also including increased academic content in some subjects to help bridge any gaps that may have resulted from the student's remote learning experience from March onwards. This will further assist with the transition from Junior to Senior Cycle, while still remaining loyal to the underlying principles of the Transition Year programme.*

*In the meantime, take care and enjoy the break over the summer. We will be in contact again in mid August with regard to the arrangements for the re-opening of the school.*

Le mór bhuíochas,
Éamonn Mac Muiris